

## **Ceisteanna faoi Theagasc agus Mheasúnú na Gaeilge sa tSraith Shinsearach**

Plécháipéis freagartha do dhá thuarascáil taighde de chuid an CNCM

arna réiteach

don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Muiris Ó Laoire

Meán Fómhair 2017

## Clár

### Leathanach

1. Réamhrá	3
2. Cúlra an dá staidéar	3
3. An dá staidéar taighde	3
4. Aidhm na plécháipéise freagartha seo	4
5. Torthaí agus moltaí comóna sa dá staidéar	4
6. An bhfuil athrú ar ghnóthachtáil scoláirí sa Ghaeilge?	7
7. Cleachtais Reatha	8
8. An fhoghlaim de ghlanmheabhair	8
9. An sealbhú teanga sa seomra ranga	10
10. Raon na n-uirlisí agus na dtascanna measúnaithe atá in úsáid	12
11. Aitheantas a thabhairt do chomhthéacsanna éagsúla teangeolaíochta	13
12. Conclúid	15
13. Tagairtí	31

## Ceisteanna faoi Theagasc agus Mheasúnú na Gaeilge sa tSraith Shinsearach

### 1. Réamhrá

Is plécháipéis í seo ag freagairt do dhá thuarascáil taighde a choimisiúnaigh An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun scrúdú a dhéanamh ar aon tionchar féideartha a d'imir na leasuithe ar shiollabas Ghaeilge na hArdteistiméireachta a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar ghnóthachtáil scoláirí agus ar chuir chuige an teagasc agus an ullmhúcháin i gcomhair na béaltrialach : *Impact of Revised Oral Irish at Leaving Certificate Level* (Ó Curraoin et al, 2017) agus *Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltrial Ghaeilge na hArdteistiméireachta* (Nic Eoin 2017). Pléitear torthaí an dá thuarascáil i dteannta a chéile agus tugtar faoi impleachtaí agus faoi cheisteanna a eascraíonn uathu a iniúchadh. Táthar ag súil go spreagfaidh an phlécháipéis seo tuilleadh machnaimh agus plé, ní amháin ar an mbéaltrial leasaithe ach ar ghnéithe a bhaineann le teagasc agus measúnú na teanga i gcoitinne ag an tsraith shinsearach.

### 2. Cúlra an dá staidéar taighde

Cuireadh mórathrú i bhfeidhm ar chóras measúnaithe na Gaeilge ag an tsraith shinsearach sa bhliain 2012. Bhain an t-athrú seo le dáileadh chéatadán na marcanna a bhí ag gabháil don bhéaltrial. Go go n-uige sin, bhíodh 25% ag gabháil don bhéaltrial ag an Ardleibhéal, ag an nGnáthleibhéal agus ag an mBonnleibhéal; ach i 2007, fógraíodh mórathrú in Imlitir 0042/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna ar riar agus ar dháileanna na marcanna a bhronnfaí ar an mbéaltrial i scrúdú na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh. Sainíodh go méadófaí na marcanna don bhéaltrial ag an Ardleibhéal, ag an nGnáthleibhéal agus ag an mBonnleibhéal ó 25% go 40%. Chuige sin, laghdófaí na marcanna do chodanna eile an scrúdaithe. B'shin athrú suntasach a d'fhéadfadh mórimpleachtaí a bheith aige do chur chuige an mhúinteora agus scoláirí sa seomra ranga.

### 3. An dá staidéar taighde

D'fhonn na himpleachtaí féideartha seo a imscrúdú, choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta dhá staidéar taighde. Thug an chéad staidéar, (*Impact of Revised Oral Irish at Leaving Certificate Level*, (Ó Curraoin et al, 2017) <sup>1</sup> faoi iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe seo ar leibhéal agus ar chaighdeán gnóthachtála agus ar inniúlachtaí scríofa agus labhartha Gaeilge scoláirí ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. D'fhonn aon tionchar féideartha a mheas, rinneadh scrúdú comparáideach idir torthaí iarrthóirí Ardteistiméireachta sa Ghaeilge Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal sa bhliain 2011, sular cuireadh na hathruithe i bhfeidhm, agus na torthaí sa bhliain 2015, trí bliana tar éis infheidhmniú na n-athruithe céanna.

Sa dara staidéar taighde, *Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltrial Ghaeilge na*

---

<sup>1</sup> Staidéar A feasta

*hArdteistiméireachta* (Nic Eoin, 2017)<sup>2</sup> tugadh faoi fhiosrú a dhéanamh ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm. Rinneadh iniúchadh ar thrí mhór-réimse a bhain go dlúth leis an bpríomhcheist taighde sin. Scrúdaíodh na himpleachtaí don teagasc agus don fhoghlaim araon a bhí ag an ardú suntasach i marcanna na béaltrialach. I bhfocail eile, féachadh ar phróiseas foghlama agus sealbhaithe na teanga labhartha .í. an ‘bóthar i dtreo na Béaltrialach’ (Nic Eoin 2017:8). Sa chomhthéacs sin, rinneadh iniúchadh ar inspreagadh, ar mhúinín agus ar rannpháirteachas na scoláirí sa phróiseas foghlama agus, ina theannta sin, scrúdaíodh tionchar na leasuithe ar na straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá in úsáid sa seomra ranga. Chomh maith leis sin, féachadh ar dhearcthaí agus bhraistíní scoláirí agus múinteoirí araon i leith na béaltrialach mar uirlis mheasúnaithe a thástálann inniúlachtaí labhartha; agus ar an gcaoi a gcuireann an scrúdú le hinniúlachtaí sa teanga labhartha. An tríú mór-réimse a ndearnadh scagadh air ná an leas fadtéarmach a bhaineann leis an mBéaltrialail ó thaobh ábaltacht ghníomhach scoláirí páirt a ghlacadh i saol phobal na Gaeilge nó i saol an phobal teanga. Féachadh ar shealbhú na teanga labhartha (murab ionann agus an fhoghlaim i gcomhair scrúduithe) agus ar fhorbairt phríomhscileanna.

Cé go raibh fócas ar leithrigh i gceist sa dá staidéar le béim fé leith ar ghnéithe cainníochtúla (anailís ar mharcanna) i Staidéar A, agus léiriú ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla i Staidéar B (tuairimí, dearcthaí agus braistintí múinteoirí agus scoláirí); bhí cuid de na moltaí céanna á ndéanamh i bhfianaise na dtorthaí a fuarthas .

#### **4. Aidhm na plécháipéise freagartha seo**

Sa phlécháipéis seo, féachtar le torthaí agus moltaí an dá staidéar a shintéisiú nó a tharraingt le chéile agus iad a phlé. Chomh maith leis sin, tugtar spleáchadh ar impleachtaí na léargas atá foilsithe iontu do theagasc éifeachtach na teanga. Tá sé mar aidhm chomh maith céanna, díospóireacht agus plé nuálaíoch a ghiniúint agus spreagadh i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha, maidir leis an gcur chuige reatha a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an teanga ó bhéal sa tSraith Shinsearach; agus a bhaineann chomh maith céanna le treo athruithe féideartha ar an nGaeilge chun tairbhe cháilíocht an teagaisc agus na foghlama.

#### **5. Torthaí agus moltaí comónta sa dá staidéar**

Bhí roinnt torthaí comónta sa dá staidéar.

1. Cé go spreagann an bhéaltrialail scoláirí i gcoitinne, is cúis inní dóibh líon agus méid na sraitheanna pictiúr a úsáidtear chun teanga thuairisciúil na n-iarrthóirí a thástáil. Cuirtear in iúl go mbíonn deacrachtaí acu leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair a bhíonn á chleachtadh mar ullmhúchán ranga do na sraitheanna pictiúr seo.

---

<sup>2</sup> Staidéar B feasta

2. Tá easpa dóthain ama á lua le cuid chomhrá na trialach. Toisc go mbíonn an tsraith pictiúr agus an comhrá araon le déanamh ag iarrthóirí anois, maítear nach bhfuil a dhóthain ama tugtha don chomhrá sa triail.
3. Bhí éagothroime shuntasach agus easpa comhsheasmhachta ó thaobh dúshláin teanga agus ábhair idir pictiúir áirithe. I bhfocail eile, bhí cuid de na pictiúir níos deacra agus níos éilithí ná a chéile.
4. Ar an mórgóir, ní raibh an oiread céanna imní faoin scrúdú ar scoláirí i scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge agus a bhí ar scoláirí i scoileanna Béarla agus ar an iomlán, d'éirigh níos fearr sa bhéaltrial leis na scoláirí sna scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge.
5. Spreag an t-ardú céatadán formhór na scoláirí (60%) tabhairt faoin nGaeilge agus thaitin an t-ullmhúchán don bhéaltrial lena bhformhór acu, in ainneoin nach rabhadar sásta leis na sraitheanna pictiúir. Spreagann sé breis scoileanna le tabhairt faoin mbéaltrial roghnach ag an Teastas Sóisearach.
6. Ba í an fhoghlaim de ghlanmheabhair bá mhó agus ba mhinicí a bhí in úsáid mar straitéis foghlama agus ullmhúcháin i gcomhair na béaltrialach agus thug 62% de mhúinteoirí nótaí réamhullmhaithe do scoláirí.
7. Is í an easpa deiseanna an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil an chonstaic is mó roimh ullmhúchán don bhéaltrial.
8. Ó thaobh cháilíocht Ghaeilge labhartha agus scríofa scoláirí de, tá fianaise áirithe ann i sonraí na scrúduithe nach raibh cumas scoláirí sa ghramadach agus sa chruinneas imleor a dhóthain agus bhí sé sin amhlaidh sna scoileanna Béarla ach go háirithe.
9. Tá fianaise ann leis, ar an mórgóir, nach gcuireann an bhéaltrial mar atá sí faoi láthair chomh mór sin le hinniúlacht fhadtéarmach labhartha na scoláirí. I bhfocail eile, níl aon fianaise ann go *sealbhaíonn* siad an teanga dá barr. Tá sé seo fíor i gcás scoláirí sna scoileanna Béarla ach go háirithe. Tá sé suimiúil áfach gur cuireadh in iúl i Staidéar B nach í an Bhéaltrial féin amháin is cúis leis seo, ach an easpa deiseanna atá ann pé Gaeilge atá acu a úsáid sa ghnáthshaol ina maireann siad.

10. Ar an iomlán, bíodh is go samhlaítear dúshláin áirithe leis an tsraith pictiúr mar atá imlínithe thuas, fós féin, bhí formhór mór múinteoirí (81%) agus scoláirí (90%) den tuairim go dtugann cuid chomhrá na trialach deis do scoláirí a scileanna agus inniúlachtaí labhartha a chur in iúl don scrúdaitheoir. Is díol suntais é, áfach, go rabhthas cáinteach i dtaobh "... an ghiorracht ama, an ghríosacht chun foghlama de ghlanmheabhair chomh maith le hintuarthacht agus cúinge ábhar na gceisteanna a cuireadh sa chomhrá" (Staidéar B, lch.19).

Tá moltaí áirithe comónta sa dá staidéar ag eascairt ó na torthaí taighde seo:

- Go bhféachfar le níos mó comhsheasmhachta a chinntiú ó thaobh chaighdeán agus cháilíocht teanga de idir na sraitheanna áirithe pictiúr, i dtreo is nach mbeadh aon mhíbhuntáiste i gceist, dá roghnódh iarrthóir sraith áirithe a atá níos dúshlánaí ná cinn eile ó thaobh ábhair agus teanga de.
- Tá gá le féachaint in athuair ar fhad ama na béaltrialach, d'fhonn breis ama a thabhairt do chuid an chomhrá.
- Is béaltrialach chomónta atá ann anois don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal ach moltar go bhféachfar le hiniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí maidir le trialacha éagsúla a chur ar fáil chun riaradh ar riachtanais scoláirí i gcomhthéacsanna éagsúla agus le cúlraí difriúla teangeolaíochta. Moltar go bhfuil gá le dúshlán cuí a sholáthar do scoláirí dara teanga Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil agus do scoláirí scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus scoláirí a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu.
- Léirítear buairt i Staidéar A faoin líon mór scoláirí nach n-oireann an soláthar reatha dóibh agus faoin tionchar féideartha fadsaoil a d'fhéadfadh bheith i gceist lena leithéid: " At the same time there is another very large cohort of students at the opposite end of the scale with a very limited level of understanding and fluency in the language and yet very many of this cohort of students have a positive attitude and goodwill towards the language. For many of these weaker students the oral examination, as presently constituted, could be an entirely negative experience. This experience, coming at the end of their second level schooling, could colour their attitude towards the Irish Language in later life. This report recommends that the current practice of having a common oral examination at both Higher and Ordinary Level be reviewed" (lch 60).

Éilíonn na torthaí a fuarthas sa dá staidéar agus na moltaí breis machnaimh agus plé, ní amháin ar impleachtaí an mhórathraithe ar an gcuiraclam Gaeilge ach ar threochtaí agus ar

dhúshláin reatha a bhaineann le teagasc agus measúnú na Gaeilge ag an tSraith Shinsearach, mar a phléifear sa chuid eile den pháipéar seo.

## **6. An bhfuil athrú ar ghnóthachtaíil scoláirí sa Ghaeilge ó cuireadh na hathruithe i bhfeidhm?**

Níl aon fhianaise mhillteanach, láidir, shoiléir go bhfuil athrú intomhaiste suntasach tagtha ar ghnóthachtaíil scoláirí sa Ghaeilge ó cuireadh na hathruithe i bhfeidhm. Ní mór bheith ríchúramach agus tagairt á déanamh againn do chúrsaí gnóthachtála agus caighdeáin. Cé go bhfeidhmíonn scrúdú náisiúnta na hArdeistiméireachta mar thagarmharc do ghnóthachtaíil normthagartha scoláirí, bliain tar éis bliana, níl aon fhianaise go bhfuil na torthaí foghlama a bhaintear amach de bharr an scrúdaithe sin sa Ghaeilge leabaithe in aon chomhchreat níos leithne mar an Fráma Tagartha Comónta do Theangacha, nó *The Languages Ladder*, cuir i gcás, le go mbeifí in ann an iniúlacht a bhaintear amach a chur i gcomparáid agus a cheangal le leibhéal eile i gcomhchreat oibiachtúil.<sup>3</sup> Dá mbeadh sé sin amhlaidh, d'fhéadfaí plé bailí struchtúrtha a bhunú ar athruithe féideartha sa ghnóthachtaíil.

Bíodh sin is uile, tar éis comparáid a dhéanamh i Staidéar A idir torthaí 2011 agus 2015, níor léiríodh go raibh aonmhór athrú suntasach chun feabhais nó chun donais le tabhairt faoi deara. Cé go bhfuil mionathruithe staitisticiúla le sonrú ar threo na marcanna a bronnadh ar na scileanna éagsúla do chodanna éagsúla an scrúdaithe, ní léir, mar sin féin go raibh aon mhórathrú tathagach suntasach i gceist.

Tá macalla inspéise anseo do staidéar Ní Mhaoinigh (2013) a thug faoi staidéar agus anailís chomparáideach den chineál céanna a dhéanamh ar thionchar ardú chéadatán na marcanna ar chaighdeán Gaeilge scoláirí. Bhí an toradh céanna ar a staidéar siúd. Tar éis di scoláirí Ardteistiméireachta 2011 agus 2012 (agus iad ina mic léinn chéad bhliana ollscoile) a chur faoi scrúdú caighdeánaithe Gaeilge, féachaint ar imir an t-ardú céatadán aon tionchar chun feabhais ar scoláirí 2012, nochtáíodh nach raibh i gceist idir an dá chóhort ach fíorbheagán difríochta sa bhéaltrial agus gur éirigh níos fearr fiú le grúpa 2011 sa chluastuiscint.

I bhfianaise an dá staidéar sin le chéile, ní móide gur féidir a áiteamh go bhfuil aon róthionchar suntasach ag na leasaithe ar mharcanna atá fabhrúil do labhairt na Gaeilge ar ghnóthachtaíil scoláirí.

---

<sup>3</sup> Níl aon fhianaise oibiachtúil ann faoi láthair a léiríonn cén leibhéal go baileach a bhaineann scoláirí na hÉireann amach sa Ghaeilge ar an CEFR.

## 7. Cleachtais Reatha

Is foinsí inspéise iad an dá thuarascáil do léargais ar na cleachtais reatha a bhaineann le teagasc agus measúnú na Gaeilge ag an tsraith shinsearach. Is léir ó shonraí an dá thuarascáil go bhfuil trí dhúshlán mhóra<sup>4</sup> i gceist:

1. Cleachtais a bhaineann leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair;
2. Raon na n-uirlisí agus na dtascanna measúnaithe atá á n-úsáid;
3. Aitheantas a thabhairt do chomhthéacsanna teangeolaíochta éagsúla fhoghlaim na Gaeilge

Scrúdófar na dúshláin seo sa chuid eile den phlécháipéis seo.

## 8. An fhoghlaim de ghlanmheabhair

Tugadh léargas an-soiléir i Staidéar B ar cé chomh forleathan is atá an fhoghlaim de ghlanmheabhair mar straitéis ag i measc scoláirí agus iad ag ullmhú don bhéaltriall. Leagadh an-bhéim ar nótaí réamhullmhaithe agus ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair. Dar le Nic Eoin: “Tá an meon seo ag cothú cultúir agus cur chuige nach dtagann leis an mbéim atá ann go hidirnáisiúnta ar thábhacht na foghlama féin-riar i bpróiseas an tsealbhaithe teanga. Ardaíonn sé seo mórcheist faoi aidhm na foghlama teanga i gcoitinne, idir shealbhú teanga agus foghlaim dara teanga” (lch 73).

Is í aidhm mhúineadh na Gaeilge mar dhara teanga ná cur ar chumas an scoláire an teanga a shealbhú. Is í aidhm mhúineadh na Gaeilge mar chéad teanga ná an teanga atá sealbhaithe cheana féin a shaibhriú agus a fhorbairt a thuilleadh. Is mar dhara theanga a dhéanann formhór mór scoláirí staidéar ar an nGaeilge. I gcás na scoláirí seo, ar an mórghóir, ní chabhraíonn an fhoghlaim de ghlanmheabhair le sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga. Má fhoghlaimíonn scoláire ar bith slamaice de ghlanmheabhair faoi cheann de na sraitheanna pictiúr nó aiste nó freagra réamhullmhaithe ar an téacs litríochta, is cineál “cur i gcéill” é ar shlí. I ngan fhios dó féin, tá sé ag ligean air go bhfuil an teanga sealbhaithe aige nuair nach bhfuil i ndáiríre. Chun an teanga a shealbhú, ní foláir go ndéanfadh an scoláire a chuid féin den teanga. I bhfocail eile, ní mór dó a chuid abairtí féin a chumadh. Beidh na habairtí seo ciotach, bearnach agus lochtach ag tús phróiseas an tsealbhaithe, ach de réir a chéile, rachaidh na codanna teanga atá á sealbhú idir ainmfhocail agus briathra isteach sa chuimhne fhadtéarmach, áit ina stóráltar iad. Ar fheiceáil sraith pictiúr ar bith, mar sin, nó ag labhairt faoi rud ar bith i gcuid ar bith den chomhrá nó ag scríobh aiste faoi rud ar bith, ní bhíonn le déanamh ag an scoláire ach an teanga chuige sin a aisghabháil ón gcuimhne fhadtéarmach. Mar sin, dá mbeadh an teanga sealbhaithe seachas foghlamtha, d’fhéadfadh aiste ar bith

---

<sup>4</sup> Níltear ag diriú anseo ach ar ghnéithe den teagasc agus den fhoghlaim a raibh léiriú orthu sa dá thuarascáil taighde. Níl plé déanta anseo ar ghnéithe fíorthábhachtacha eile mar an t-aischothú ceartaitheach, FCÁT (an Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga), ról an mhúinteora, forbairt na litearthachta sa dara teanga, etc., feic Harris agus Ó Duibhir (2011). Ní scrúdaítear ról an FCT ach oiread anseo.



bheith ar an scrúdpháipéar nó sraith ar bith pictiúir nach mbeadh feicthe roimh ré agus bheadh ar chumas an scoláire scríobh faoi nó labhairt faoi.

An gcaitheann scoláirí na Gaeilge mar dhara teanga an iomarca ama agus an iomarca dua mar sin ag foghlaim slamaicí de ghlanmheabhair nuair ba thairbhí go mór dóibh bheith ag cumadh a gcuid abairtí féin? Má bhíonn an teanga curtha de ghanmheabhair seachas sealbhaithe, méadaítear ar imní an scoláirí agus é ag súil go dtiocfaidh an aiste atá foghlama de ghlanmheabhair aige aníos ar an scrúdpháipéar nó nach bhfaighidh sé an tsraith pictiúr sin nach bhfuil ar bharr a theanga aige ag an mbéaltrial.

Ní hionann sin is a rá nach bhfuil ról ag an bhfoghlaim de ghlanmheabhair i sealbhú an dara teanga. Tá ról ag an gcuimhne i sealbhú an dara teanga. Beidh gá i gcónaí le hainmfhocail, nathanna, patrúin agus gnéithe eile den teanga a chur de ghlanmheabhair. Ach caithfear ceist a chur faoi fhiúntas *abairtí iomlána nó ailt iomlána* bheith á gcur de ghanmheabhair mar nach dtugann a leithéid de chleachtas deis don scoláire a chuid féin a dhéanamh den teanga. Ní mholtar an cleachtas seo fiú má thuigeann an scoláire an bhrí a bhaineann leis an slamaice, mar ní ón scoláire féin a thagann sé agus stórálfar sa chuimhne ghearrthéarmach, seachas sa chuimhne fhadtéarmach é, áit a bhfuil na próisis shealbhaithe ag feidhmiú

D'fhéadadh an smutánáil nó *chunking* mar a thugtar air cabhrú leis an sealbhú teanga má thugtar faoi anailís ar an teanga sa smután atá foghlamtha de ghlanmheabhair (Myles et al, 1998; Clark, 2016). Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh an foghlaimeoir foirmlí, patrúin, nathanna, abairtí foirmleacha agus araile a chur de ghlanmheabhair, ach chun tairbhe a bhaint as sin, ní mór cabhrú leis an bhfoghlaimeoir miondealú a dhéanamh ar an teanga atá foghlama ó thaobh na gramadaí de, ó thaobh nathanna de, ó thaobh foirmlí de agus ó thaobh foclóra de. I bhfocail eile, tugtar deis don fhoghlaimeoir dul siar ar an smután atá foghlama chun gnéithe de teanga a aithint ann agus tátail a bhaint astu. Dar le Dörnyei, (2009) d'fhéadfadh na smutáin cabhrú leis an sealbhú teanga mar go mbíonn sraith focal a théann le chéile go coitianta stóráilte le chéile, agus mar sin, nach gá don duine rialacha a chur i bhfeidhm gach uair is mian leis an abairt sin a chumadh nó focail san abairt a aisghabháil.

Ach ar an iomlán, ní mholtar an fhoghlaim de ghlanmheabhair mar dhea-chleachtas. Is mór idir eolas atá foghlama a choinneáil sa chuimhne (*retention*) agus a eolas atá foghlamtha a aistriú ón gcuimhne chun fadhbhanna a réiteach (*transfer*) (Mayer, 2002) ó thaobh fhorbairt na scileanna cognaíocha de. Ní bhaineann an chuimhne ach le próiseas amháin de na próisis chognaíocha atá i gceist san fhoghlaim fad is atá próisis thábhachta eile i gceist mar phróiseas an tuisceana, an fheidhmithe, an anailisithe, an mheasúnaithe agus na cruthaitheachta.

Ní mór ceisteanna a ardú faoi fhiúntas na foghlama de ghlanmheabhair mar straitéis ullmhúcháin don bhéaltrial agus do na scrúduithe.

## 9. An sealbhú teanga sa seomra ranga

Muna gcabhraíonn an fhoghlaim de ghlanmheabhair mar chleachtas le sealbhú an dara teanga a éascú, an bhfuil cleachtais ann atá éifeachtach chun an sealbhú a chinntiú? Cuirtear béim mhór ar ionchur agus aschur sa taighde comhaimseartha ar shealbhú an dara teanga (Antonova Ünlü & Wei, 2016; Meisel, 2011). Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh foghlaimeoir a oiread deiseanna agus is féidir bheith aige an dara teanga a shú isteach agus a labhairt agus a scríobh chun í a shealbhú i gceart. Nuair a thógtar duine i bpobal a bhfuil teanga ar leith á labhairt thart timpeall air, bíonn go leor ionchur saibhir agus go leor deiseanna aschuir aige sa teanga i réimse leathan comhthéacsanna éagsúla. Ach ní hamhlaidh an scéal maidir leis an bhfoghlaimeoir nó an scoláire dara teanga sa seomra ranga, mar a mbíonn níos lú ama i gceist agus easpa nádúrthacht an tsealbhaithé i gceist. Maíonn Singleton & Ryan ina leith seo (2004:115): "L2 exposure-time involved in studies focusing on formal learning situations never approaches that involved in long-term naturalistic studies". I bhfocail eile, níl foghlaim na teanga sa seomra ranga inchomparáide i ndáiríre le sealbhú nádúrtha na teanga lasmuigh de.

Cabhraíonn na heilimintí seo a leanas leis an sealbhú teanga a chur cinn sa seomra ranga áfach:

1. An fhíorchumarsáid
2. An fheasacht teanga agus an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir

Agus nádúrthacht aiceanta bhailí an phobal teanga in easnamh sa seomra ranga, ní mór pobal teanga a chruthú ann trí dheiseanna don fhíorchumarsáid agus cur chuige tascbhunaithe cumarsáideach (Ellis 2003; Robinson 2011) a chur ar fáil. Is úsáideoir féideartha teanga gach scoláire sa seomra ranga. Sin é an bunús teoiriciúil atá le siollabas reatha na hArdteiste agus le Sonrúcháin Ghaeilge nua na Sraithe Sóisearaí. Mar sin, ní mór an chumarsáid bheith chun cinn i gcónaí chun cumas cumarsáide scoláirí a fhorbairt. Cuimsíonn cumas cumarsáide inniúlachtaí, ábaltacht agus máistreacht an scoláire sna cúig scileanna teanga: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh, scileanna atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile. Bíonn an teanga spontáineach mar aschur le linn na cumarsáide má chuirtear chuige i gceart agus cé go ndéanann scoláirí cleachtadh ar an teanga (scafall) is chun críche deiridh na cumarsáide é.

Tá béim i sonrúcháin na Sraithe Sóisearaí nua, ní amháin ar an gcumarsáid, ach ar an bhfeasacht teanga agus ar fhéinfheasacht an fhoghlaimeora chomh maith. Nuair a chumann scoláirí a gcuid abairtí/teanga féin seachas teanga atá foghlamtha de ghlanmheabhair, bíonn botúin agus easnaimh ann go minic i ngeall ar an idirtheanga (trasnaíl ón mBéarla). Léirigh Staidéar A (Ich.59) go raibh cruinneas agus gramadach na n-iarrthóirí Ardteiste lag go leor. Ach chun cabhrú le sealbhú an chruinnis, ní mór don scoláire gnéithe na teanga nach bhfuil inchomparáide leis an mBéarla (foclóir, gramadach, comhréir agus foghraíocht) a thabhairt faoi deara. Tugtar an fheasacht teanga air seo. Glactar leis anois gur gá d'fhoghlaimeoirí díriú ar fhoirmeacha na sprioctheanga má tá siad chun an teanga a shealbhú i gcomhthéacs na

scoile. <sup>5</sup>Is cuid de shealbhú teanga sealbhú na gramadaí, na comhréire agus an chruinnis. Sealbhaítear na gnéithe seo tríd an tabhairt faoi deara agus tríd an airdeall nó an fheasacht agus tríd an machnamh (bheith san airdeall i leith na ndifríochtaí idir córas an Bhéarla agus córas teangeolaíoc na Gaeilge). Is í trasnaíl na hidirtheanga (meascán den Bhéarla agus den Ghaeilge) is cúis le botúin is easpa cruinnis. Ach moltar spás agus deiseanna a chur ar fáil do scoláirí dul i ngleic leis an easpa cruinnis agus le deacrachtaí gramadaí. Tuigeann siad, mar shampla, cúiseanna earráidí trí chodarsnacht chórasach a dhéanamh idir an Ghaeilge agus Béarla nó idir Gaeilge agus teangacha eile.

Tá tábhacht faoi leith chomh maith ag baint leis an bhféinfheasacht mar fhoghlaimoir i bpróisis an tsealbhaíthe sa seomra ranga. Moltar deis a thabhairt don scoláire dul i ngleic leis na deiseanna a bhaineann leis an bhfoghlaim fhéinriartha. Trí idirghníomhú leis an múinteoir agus lena chomhscoláirí agus trí mhachnamh a dhéanamh, fásann tuiscint an scoláire air féin mar fhoghlaimoir teanga. Cuireann sé aithne de réir a chéile ar a chuid straitéisí foghlama agus ar a stíl phearsanta foghlama. Trí thascanna éagsúla teanga a chur i gcrích, tuigeann an scoláire na réimsí ar a bhfuil feabhas tagtha maidir lena úsáid teanga, na gnéithe ina bhfuil breis feabhsúcháin ag teastáil agus conas tabhairt faoin bhfeabhsúchán sin.

Má fhanar taobh go hiomlán leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair, mar sin, ní thabharfar na deiseanna cuí don scoláire chun cumarsáid a dhéanamh, chun an fheasacht teanga agus an fhéinfheasacht mar fhoghlaimoir a chothú ann féin. Ní mór an cheist seo bheith á hardú agus á plé amach anseo ag na geallshealbhóirí a bhfuil baint acu leis an nGaeilge sa tSraith Shinsearach.

#### **10. Raon na n-uirlisí agus na dtascanna measúnaithe atá in úsáid**

Más maith linn bheith ar ár n-airdeall faoin easpa tairbhe a bhaineann leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair, ní mór ceist a ardú faoi na huirlisí agus na tascanna measúnaithe atá in úsáid againn i dtástáil scileanna labhartha agus scríofa. Ní bhíonn an fhoghlaim de ghlanmheabhair i gceist an oiread sin mar straitéis ullmhúcháin i gcomhair na scileanna eile, (an éisteacht agus an léitheoireacht) seachas na scileanna ginchumais, labhairt agus scríobh. Ach i gcás na teanga labhartha agus scríofa, bheadh sé iomhola gan uirlisí nó tascanna measúnaithe a úsáid a spreagann an fhoghlaim de ghlanmheabhair. D'fhéadfaí a áiteamh go spreagann an aiste thraidisiúnta an fhoghlaim de ghlanmheabhair, mar shampla. Ach tá raon tascanna ceapadóireachta eile seachas an aiste a bhféadfaí leas a bhaint astu chun an teanga scríofa a mheas.

Tá sé mar an gcéanna i gcás na béaltrialach. Mar atá léirithe ag Maunsell (2009), tá gá le réimse beart agus modhanna éagsúla chun an chaint a mhealladh as na hiarrthóirí agus tá

---

<sup>5</sup> Feic obair eiseamláireach Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017; Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin, & Cosgrove (2017) sa réimse seo

neart cuir chuige eile seachas an comhrá chuige sin (Hughes 1998; Underhill 1993, etc.). Cuireann Maunsell (2009) síos ar mhúnlaí éagsúla an agallaimh (an comhrá) atá in úsáid sa bhéaltrialach díreach agus mhol sé go mba chóir go n-úsáidfí raon nó réimse níos éagsúla de bhearta láithreoireachta agus de mhodhanna oibre chun an chaint a mhealladh as na hiarrthóirí le linn na béaltrialach Gaeilge "... ionas go mbeadh réimse feidhmeanna teanga á dtabhairt faoi mheas agus léargas níos fírinne a fháil ar an gcumas cumarsáide 'dáiríre'." (Maunsell 2009: 16).

De réir an dá staidéar seo, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an tsraith pictiúr seo ag cothú faidhbe i ngeall ar í bheith feicthe agus ullmhaithe roimh ré. Spreagann sraith pictiúr atá feicthe roimh ré an fhoghlaim de ghlanmheabhair. Tá sé suimiúil go léirítear i Staidéar B nár chothaigh na sraitheanna pictiúr an imní chéanna i measc scoláirí Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta. I gcás an Ghaelcholáiste agus na scoile Gaeltachta, i ngeall ar líofacht na scoláirí, ní raibh an modh foghlama de ghlanmheabhair chomh leitheadúil céanna. Bhí sé seo amhlaidh toisc go bhféadfadh go raibh ar chumas na scoláirí seo caint a dhéanamh go spontáineach ar na pictiúir toisc an teanga bheith sealbhaithe nó geall le bheith sealbhaithe acu.

Moltar i Staidéar A uirlis mheasúnaithe eile seachas an tsraith phictiúr a úsáid (lch. 61). D'fhéadfadh an tsraith pictiúr bheith ina huirlis bhailí chun cumas an scoláire labhairt go spontáineach faoina bhfuil le feiceáil ann, muna dtugtar an pictiúr dó chun é a ullmhú roimh ré. Tá sé suimiúil go bhfuair Ní Laoire (2015) amach i staidéar taighde a rinne sí ar dhearcadh múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge i leith an tsiollabais nuashonraithe gur theastaigh ó fhormhór acu, (67.4%) nach mbeadh an tsraith pictiúr feicthe roimh ré. Níor aontaigh ach mionlach de na múinteoirí seo go bhfuil fiúntas ag baint le líon na sraitheanna pictiúr (21%) agus d'eesaontaigh móramh (62.8%) ina leith (Ní Laoire 2015: 89). Ar an ábhar sin, bhí an moladh seo a leanas déanta aici ag deireadh na tuarascála: "Ba cheart gearradh siar ar líon na sraitheanna pictiúr má táthar chun cloí leis an gcóras reatha. Ó thaobh deachleachtas de, a bhfuil bunús faoi sa teangeolaíocht fheidhmeach, níor chóir go bhfeicfí na sraitheanna roimh ré, ionas go mbeadh iarrthóirí ag labhairt Gaeilge go nádúrtha seachas bheith ag déanamh athrá ar ábhar a bheadh foghlamtha de ghlanmheabhair acu" (Ní Laoire 2015:98).

Tá fianaise láidir go háirithe i Staidéar B go bhfuil cur siar (*washback*) i gceist i gcás na béaltrialach í. Imríonn sé tionchar láidir ar eispéireas scoláirí sa seomra ranga. Caitheann ceisteanna a chur mar sin faoi fhiúntas an chineál teagaisc atá dírithe go hiomlán ar an triail nó an teagasc triaildhírthe (Hughes 2003; Alderson & Wall 1993) agus tionchar diúltach a d'fhéadfadh sé imirt ar an sealbhú teanga a chur san áireamh i gcónaí.

Tá faictéirí eile a chaithfear a chur san áireamh chomh maith maidir le béaltriallach agus uirlisí measúnaithe béaltriallach a dhearadh agus a roghnú. Ní mór cuspóirí, téarmaíocht agus cur chuige na tástála labhartha bheith iomchuí agus soiléir (Bachman & Palmer, 1996; McNamara 1996).

Ní sé chomh furasta sin ar ndóigh tástáil atá iomlán iontaofa agus bailí a dhéanamh ar inniúlachtaí labhartha sa dara teanga (Bygate, 2009:413; Roca-Varde & Palacios, 2013). Tá sainmhiniú inspéise tugtha ag Cox (2017:85) ar an inniúlacht labhartha mar seo a leanas: "...the ability to use a language to communicate meaningful information in a spontaneous interaction, and in a manner acceptable and appropriate to native speakers of the language". Ach d'fhéadfadh sé bheith níos casta ná sin. Ní mór i dtosach tuiscint chruinn bheith againn ar a bhfuil i gceist le hinniúlacht teanga sa chéad áit agus ar na difríochtaí a mhaireann idir inniúlachtaí áirithe. Ní mór cáilíocht na teanga agus cainníocht na teanga a chur san áireamh (Hulstijn, 2007). Chuige seo, tá géarghá le tasc bailí a úsáid chun an inniúlacht teanga a thomhas mar imríonn an tasc a úsáidtear ar an gcineál teanga agus inniúlachtaí is gá chun é a chomhlíonadh, mar a mheabhraíonn Bygate (2009:414) dúinn: "...tasks influence the language used, and so to appraise students' language we first need to understand the linguistic demands of our tasks". Ní mór aird a thabhairt, ní amháin ar cháilíocht na teanga (the repertoire) ach ar na coinníollacha inar ndéantar scrúdú ar an teanga féin (ról idirghábhlaíthe -an scrúdaitheora san áireamh). Caithfear féachaint chuige nach n-imríonn an teanga scríofa an iomarca tionchar ar roghnú na dtuairiscíní gnóthachtála atá in úsáid againn (Hughes 2003).

Cé nach raibh aon mhórdhifríocht i Staidéar A idir ghnóthachtáil scoláirí sna scoileanna ar fad a bhí rannpháirteach (scoileanna Bhéarla agus scoileanna Ian-Ghaeilge); léiríodh i Staidéar B go raibh difríochtaí áirithe le sonrú maidir le dearchtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na bealtriallach i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus scoileanna Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ní mór, mar sin, breis machnaimh agus plé a dhéanamh, ní amháin ar éifeacht na béaltriallach comónta (ar ardaíodh mórcheisteanna faoi sa dá thuarascáil) ach ní mór iniúchadh a dhéanamh ar na torthaí foghlama agus ar na cuir chuige teagaisc agus measúnachta i gcoitinne atá in úsáid ag an tsraith shinsearach, faisnéis an eolais san áireamh.

## **11. Aitheantas a thabhairt do chomhthéacsanna éagsúla teangeolaíochta éagsúla fhoghlaim na Gaeilge**

Ní mór plé cuimsitheach a bheith ag geallshealbhóirí Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí chun tógaint go córasach agus go comhleanúnach ar an tionscnamh nuálach curaclaim a bhfuil tús curtha leis sa Sraith Shóisearach, áit a bhfuil sonrúcháin ar leith ann do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus trí mhéan na Gaeilge faoi seach.

Chomh fada siar le 2003 i dtuarascáil taighde don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), mhol Little go mba chóir go mbeadh siollabais ar leithrigh do Ghaeilge T1 agus Gaeilge T2 ar fáil do scoláirí agus d'áitigh sé go raibh scoláirí i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán iontu thíos leis, toisc go rabhadar ag gabháil do shiollabas dara teanga: "...the continued insistence on a single syllabus for native and non-native speakers of the language, Irish-medium and English-medium students, achieves the worst of both worlds, offering the minority of native speakers and Irish-medium students what is effectively a foreign language syllabus" (Little 2003: 9).

Táthar ag díriú le roinnt blianta anuas ar na dúshláin atá roimh scoileanna Gaeltachta; ina measc: an éagsúlacht teangeolaíochta i measc na scoláirí agus an meath ar úsáid agus inniúlacht na Gaeilge i measc na bhfoghlaimoirí (Mac Donnacha et al, 2005; Ó Giollagáin et al, 2007, Péterváry et al, 2014). Ach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann 2010) agus sna próisis pleanála teanga atá ar bun faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá tábhacht faoi leith á samhlú le ról na scoileanna Gaeltachta i gcothú na hinniúlachta agus na húsáide Gaeilge chun tacú leis an teanga sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Sa *Pholasáí Oideachas don Ghaeltacht 2017-2022* (ROS, 2016), cuirtear béim ar an ról lárnach atá ag an gcuraclam don Ghaeilge sa tacú "...le forbairt ar inniúlacht sa Ghaeilge i measc na bhfoghlaimoirí agus na gcainteoirí dúchais i scoileanna Gaeltachta agus i measc na scoláirí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne" (ROS, 2016). Moltar curaclam Ghaeilge a áiríonn torthaí foghlama do scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge atá difriúil leis na cinn i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. An buntáiste a bhainfeadh lena leithéid ná ionchais a ardú d'fhoghlaim na Gaeilge agus "...tacú le soláthar eispéireas foghlama teanga saibhrithe do na scoláirí uile i scoileanna Gaeltachta, go háirithe iad siúd atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge" (ibid). Luaitear na sonrúcháin idirdhealaithe a ullmhaíodh don tsraith shóisearach agus déantar trácht ar an obair atá le déanamh chun sonrúcháin idirdhealaithe a chur ar fáil sa tsraith shinsearach. Luaitear go dtosóidh obair ar shonrúcháin idirdhealaithe T1 agus T2 a fhorbairt don Ghaeilge nuair a bheidh na sonrúcháin idirdhealaithe don Ghaeilge sa tsraith shóisearach forbartha agus iad ag obair go maith sna scoileanna. Ar aon dul leis an tsraith shóisearach, beidh ar scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta an sonrúchán curaclaim T1 a chur ar fáil dá scoláirí agus spreagadh do líon níos mó scoláirí rogha an tsonrúcháin T1 a dhéanamh.

Mar sin is mithid tús a chur le plé chun aghaidh a thabhairt ar na mórcheisteanna, ina measc:

1. Conas a thabharfar faoi fhorbairt a thionscnamh ar shonrúcháin idirdhealaithe na Sraithe Sóisearaí ag an tSraith Shinsearach ionas gur féidir comhleanúnachas a dheimhniú idir sonrúcháin na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí?

2. Cén taighde is gá a dhéanamh chun forbairt an chomhleanúnachais seo a chinntiú. Ní gá tabhairt faoi thaighde úr chuige seo mar gur féidir leas a bhaint as na léargais atá curtha ar fáil cheana féin ag staidéir ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta.
3. Cad iad riachtanais na ngeallshealbhóirí uile: scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí, pobal na Gaeilge, an breisoideachas agus an t-ardoideachas?
4. Conas a dhéanfar forbairt ar uirlisí measúnaithe chun torthaí foghlama a mheas ag an tsraith shinsearach, an bhéaltrial san áireamh?
5. Cad iad na torthaí foghlama a bheidh i gceist agus á scrúdú sa bhéaltrial agus cad é an raon tascanna measúnaithe a úsáidfear? An é caighdeán agus cineál teanga an chainteora dhúchais amháin a úsáidfear mar shlat tomhais sa bhéaltrial nó an úsáidfear slat tomhais an chainteora mhaith dara teanga chomh maith?
6. Cad iad na critéir chumais agus inniúlachta a mbeifear ag dréim leo ag an tSraith Shinsearach agus conas a rachaidh siad chun tairbhe phobal na Gaeilge?
7. Conas a dhéanfar forbairt ar Ghaeilge na sraithe sinsearaí ag cur ilteangachas agus trasteangú san áireamh?

## **12. Conclúid**

Ní léir go bhfuil aon mhóráthru ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge de bharr na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm 2012. Tugann an dá thuarascáil léargas ar chuid de na dúshláin a bhaineann le comhthéacs reatha churaclam na Gaeilge sa tsraith shinsearach. Tá léiriú ann ar chuid de na cleachtais reatha teagaisc agus foghlama agus ar dhifríochtaí idir na cleachtais agus na dearchthaí i leith na trialach ag múinteoirí agus scoláirí idir na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Ardaíonn an dá thuarascáil taighde roinnt ceisteanna faoi theagasc agus faoi mheasúnú na Gaeilge ag an tsraith shinsearach atá pléite anseo: an fhoghlaim de ghlanmheabhair, an raon tascanna atá in úsáid sa mheasúnú agus comhthéacsanna agus cúlraí éagsúla teangeolaíochta scoláirí. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo agus breis plé agus machnaimh a dhéanamh orthu. Is mithid i gcomhthéacs an pholasaí oideachais don Ghaeltacht agus na pleanála teanga plé a dhéanamh ar na riachtanais agus ar na cuir chuige a bhaineann le múineadh na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Molann an dá thuarascáil taighde athruithe ar fhormáid agus ar chuige na béaltrialach. Ach d'fhéadfadh gur athruithe eatramha a bheadh ina leithéid mar ní mór sonraíochtaí úra a fhorbairt do mhúineadh na Gaeilge do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus do na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus iad a bheith réidh le cur i bhfeidhm don chohórt reatha scoláirí atá ag gabháil don chlár nua ag an tSraith Shóisearach agus a

bheidh ag tabhairt faoin tSraith Shinsearach sa bhliain 2020. Toisc go bhfuil amlíne agus spriocam an-docht i gceist, arbh fhearr dul ag obair ar na hathruithe seo laistigh den fhráma agus de na forbairtí athleasaithe agus athnuachana fadtéarmacha a bhainfeadh le sonraíochtaí comhleanúnacha ón tSraith Shóisearacha a chur ar fáil don Ghaeilge ag an tSraith Shinsearach? Tugaimis faoin bplé seo le fonn agus le dúthracht chun tairbhe ár scoláirí uile agus phobal na Gaeilge.



**Issues around Teaching and Assessment of Irish in Senior Cycle:  
A Discussion Paper in Response to two NCCA Research Reports**

Prepared for:

The National Council for Curriculum and Assessment

Muiris Ó Laoire

September 2017

## Contents

<b>1. Introduction</b>	<b>19</b>
<b>2. The background to both research studies</b>	<b>19</b>
<b>3. The two research reports</b>	<b>19</b>
<b>4. The discussion paper as response</b>	<b>20</b>
<b>5. Common findings and recommendations</b>	<b>20</b>
<b>6. Is there a discernible change in student achievement in Irish?</b>	<b>22</b>
<b>7. Current practice</b>	<b>23</b>
<b>8. Rote learning</b>	<b>23</b>
<b>9. The acquisition of language in the classroom</b>	<b>25</b>
<b>10. The range of assessment tasks used</b>	<b>26</b>
<b>11. Acknowledging various sociolinguistic contexts</b>	<b>27</b>
<b>12. Conclusion</b>	<b>29</b>
<b>13. References</b>	<b>31</b>

## Issues around Teaching and Assessment of Irish in Senior Cycle: A Discussion Paper in Response to two Research Reports

### 1. Introduction

This discussion paper was written as a response to two research reports commissioned by the National Council for Curriculum and Assessment which sought to examine the potential impact of the amendments to the Leaving Certificate Irish syllabus, implemented in 2012, on the achievement of students and on pedagogical approaches in preparation for the oral examination: *Impact of Revised Oral Irish at Leaving Certificate Level* (Ó Curraoin et al, 2017) and *Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltríail Ghaeilge na hArdteistiméireachta* (Nic Eoin 2017). The results of both reports are discussed together and implications and issues arising from the findings are explored. It is hoped that this document will encourage and generate further discussion, not only on the revised oral examination itself, but also on significant aspects related to the teaching and assessment of the language at Senior Cycle level.

### 2. The background to both research studies

